

CÁILÍOCHTAÍ SEACH-ACADÚLA

An bhfuil aon cháilíochtaí seach-acadúla nó taithí eile agat a mheasann tú a bheadh ábharach don chúrsa seo? *Ní gá dul thar 200 focal; úsáid leathanach breise más gá.*

RÁITEAS PEARSANTA

Abair go hachomair cén fáth ar mhaith leat an cúrsa seo a dhéanamh agus cad leis a bhfuil tú ag súil dá bharr. (Ní gá dul thar 200 focal; úsáid leathanach breise más gá.)

Cár chuala tú faoin gcúrsa seo?

EOLAS FAOI ÉAGUMAIS

Tabhair, le do thoil, aon eolas ar leith faoi do shláinte nó éagumas foghlama ábhartha atá agat ar cheart a bheith ag lucht eagraithe an chúrsa, mar shampla: fadhb éisteachta, diabaetas, titeamas, disléicse, nó eile.

DEARBHÚ

Cuirim an fhoirm seo faoi bhur mbráid mar iarratas iontrála ar chúrsa DMGFF in Ollscoil Mhá Nuad.

Síniú

Dáta

/ /

Eolas Tábhachtach

- Riachtanais Iontrála: Chun áit a fháil ar an gcúrsa beidh ar iarrthóirí scrúdú iontrála agus agallamh a dhéanamh. Scrúdú scríofa agus cainte ag Meánleibhéal 2 (B2) de Theastas Eorpach na Gaeilge a bheidh i gceist leis an scrúdú. Beidh ar a laghad 70% ag teastáil i ngach scil (scríobh agus caint) chun a bheith san áireamh d'áit ar an gcúrsa.
- Beidh an scrúdú ar siúl in Ollscoil Mhá Nuad ar an **Satharn 30 Meitheamh 2018**. Beidh ar gach iarrthóir freastal ar an scrúdú seo. Beidh an t-agallamh ar siúl an lá céanna, ina ndéanfar oiriúnacht na n-iarrthóirí don chúrsa a mheas. Beidh an t-agallamh mar chuid den scrúdú cainte.
- Tá eolas faoi scrúduithe TEG, mar aon le páipéir shamplacha ag Meánleibhéal 2 (B2) le fáil ag www.teg.ie. Is scrúdú scríofa agus scrúdú cainte amháin a bheidh i gceist sa scrúdú iontrála seo – ní bheidh scrúdú éisteachta ná léitheoireachta i gceist. Bíodh táille iarratais €30.00 (seic nó ordú poist iníoctha le hOllscoil Mhá Nuad) istigh leis seo, le do thoil.
- NB. Más gá gearrliosta a dhéanamh do na hagallaimh, is bunaithe ar an eolas a thugtar ar an bhfoirm iarratais a dhéanfar an cinneadh.
- Seol an fhoirm chomhlánaithe mar aon leis an íocaíocht, **roimh an Aoine 22 Meitheamh**, chuig:

An Diplóma i Múineadh na Gaeilge (Foghlaimoirí Fásta) 2018
Lárionad na Gaeilge
Ollscoil Mhá Nuad
Maigh Nuad
Co. Chill Dara